



An  
Bord  
Pleanála

## Clár Oibre Éisteacht ó Bhéal ABP 307127-20

|                    |  |
|--------------------|--|
| <b>Cás</b>         | OCÉ Scéim Feabhsúcháin N24 Beary's Cross |
| <b>Dáta</b>        | Déardaoin 8 Aibreán 2021                 |
| <b>Am Tosaithe</b> | 10.00                                    |
| <b>Suíomh</b>      | Go fíorúil trí Microsoft Teams           |

### Clár Oibre

|           | <b>Topaic</b>   |
|-----------|---|
| <b>1.</b> | Ráiteas Oscailte an Chigire   |
| <b>2.</b> | Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh<br>(i) Cuntas gairid ar an OCÉ agus ar an fhorbairt a d'éascófaí leis.<br>(ii) Freagraí ar aighneachtaí scríofa na nAgóideoirí. |
| <b>3.</b> | Agóideoirí:<br>(i) Elaine and Michael Moore   |
| <b>4.</b> | Ceistiú idir na páirtithe   |
| <b>5.</b> | Ráitis deiridh san ord seo a leanas:<br>(i) Agóideoirí<br>(ii) Údarás áitiúil   |
| <b>6.</b> | Dúnadh na héisteachta ó bhéal - An Cigire   |

## **Nótaí:**

- Iarratar ar an údarás áitiúil díriú ina aighneachtaí chuig an éisteacht ó bhéal ar a fhreagraí ar na hagóidí.
- Níl dualgas dá laghad ar aon duine aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.
- Tá cóip de na rialacha rannpháirtíochta san éisteacht ó bhéal ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)
- Beidh cabhair ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie) faoin tslí le bheith páirteach in éisteacht ó bhéal go cianda mar aon leis an treoir béasaíochta.
- I gcás ina mbeartaíonn tú cóip scríofa de d'aighneacht a sholáthar, ansin ba chóir ba chóir iad a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach don Bhord dhá lá ar a laghad roimh an éisteacht (agus coimeádfar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta).
- I gcás ina mbeartaíonn tú áiseanna amhairc (léirithe, léarscáileanna, grianghraif srl.) a úsáid agus tú ag labhairt, ba chóir iad sin a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach don Bhord dhá lá ar a laghad roimh an éisteacht (agus coimeádfar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta).
- Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná dlínse ag an mBord sa chinneadh nó i measúnú an chúitimh agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh in aon aighneacht chuig an éisteacht de bhrí nach gcuirfear am ar fáil d'aon phlé mar gheall ar chúiteamh.
- Déanfaidh soláthraí atá fostaithe ag an mBord Pleanála na haighneachtaí a chuirfear i láthair na héisteachta ó bhéal seo a thaifeadadh. Ní ceadmhach duit na himeachtaí ag éisteacht ó bhéal a thaifeadadh.
- Níl aon cheangal ar aon pháirtí coimriú a dhéanamh. Níor chóir níos mó ná cúig nóiméad a chaitheamh ar an gcoimriú agus níl cead aon cheist nua a tharraingt anuas.

- Ag deireadh na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh a dheimhniú nó a chur ar neamhní.
- Tá clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal leagtha amach thuas, mar aon le clár ama. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir go n-athrófar é i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.